


Le Chéile



Aibreán 23, 2016

Thug na mháthair Síe, solas na
shárthas go raibh aici, iar an bhó
me 7, greim láimhe aici orm. Ba bheag
bráthar a bhí ar an mbóthar ag an
ach capall, poncúpasal 7 cant.

Leath mo shúile le h-iont
nuair a chonaic mé na daltaí go
an maistir. Ní raibh ach muinte
amháin sa seipil ag an am an t-
Seán o Dubhda. D'fhág mo mháthair
slán aghaidh 7 sheol an maistir istea
sa seomra gan go mé. Chuir sí fóir
sonham. Thug sé labhairin beag
ghaolainne dom 7 réat. Shíob sí
Ba gharraid ina dhiaidh sin go
raibh mui-ach orm. Bhíos ag ut
áil leis an tobairín dúich, nár dhó
g-eas ^{a raibh ann} ar mo labhairin beag. B
mo chroí briste

Thanas i dtailthi ar
achad na seoit 7 chuireas aithne
ar na daltaí eile. Ní raibh ach
máthair amháin ^{le} sa rang le
Mickie Mounsell o Chill Chumain
D'írreos an mhóir le Jimmy Mahon
le an cáirdas céanna go dtí go
cailleadh an fear bocht cúpla bliain
o shin. Ar dhéir lánk sé go raibh a
anam. lisean, a thugadh chun na,

Fáilte

A Chléirigh uile, a phríomhoide, a mhúinteoirí, a iar-mhúinteoirí, a bhall foirne chúnta, a thuismitheoirí agus a dhaltaí, agus a hiarscoláirí ó Scoil An Chlocháin, Scoil Bhaile Uí Dhuinn agus Scoil an Bhaile Dhuibh, a chairde na páirte fearaim fíor chaoin fáilte romhaibh uile go dtí an Aifreann chéilliúrtha seo.



Stair na Scoile

Scoil An Chlocháin

Osclaíodh Scoil an Chlocháin san láthair ina bhfuil sé anois ar an tarna lá de Bhealtaine 1900. Roimhe seo bhí an scoil suite cois farraige ag bun an lána. I 1896 dúirt cigire 'bhí 120 páiste crampálta istigh in aon tseomra amháin nach raibh ach oiriúnach do 60 pháiste'. Chuaigh an scoil seo faoi uisce go minic. Ceapadh James 'Jimmon' Walsh mar an chéad Phríomhoide na scoile in 1881 agus ceapadh a bhean chéile Margaret i 1893 mar chúntóir. Ceapadh Mrs Ellie Bric mar an dara chúntóir i 1901. I 1900 ní raibh Stair ná Gaolainn ar an gcuraclam. I Mí Márta 1925 bhí Gaolainn ar an gcuraclam agus bhí ainmeacha na ndaltaí, na n-oidí, laethanta seachtaine as Ghaolainn. Dúnadh an scoil go minic ar chúis amháin nó ar chúis eile: obair feirme, cúiseanna leighis agus eacnamaíochta agus athchóiriú scoile. Chuir an droch aimsir isteach go mór ar thinreamh na scoile. Bhíodh siúlóid fada ag na daltaí ón nGleann agus Mullach. Bhí rang a 8 fós i bhfeidhm i 1963. Ceapadh John F Courtney ó Chill Airne mar príomhoide i 1925 agus a bhean chéile Dora i 1928 'the Master and the Missis' mar a b'fhearr aithne orthu. Bhí 114 páistí ar an rolla i 1928 agus in Eanáir 1954 bhí 24 páiste ar an rolla. Bhí Máirín Murphy ón gCom i gceannas ar feadh sé mhí agus Samhna 1955 ceapadh Peigí Ní Shúilleabháin mar príomhoide. Ceapadh Ann O'Brien mar chúntóir i Márta 1957 chomh maith le Mary Catherine Bric ó Bhréanainn i 1961.

Bhí comhnascadh le Scoil Baile Uí Dhuinn i 1971 agus bhog Mrs Eily O Dowd, Miss Annie Adams agus na daltaí go Scoil an Chlocháin. I 1976 d'fhág Peggy Ní Shúilleabháin Uí Chéilleachair slán leis an scoil agus ceapadh Seán Ó Dubhda mar príomhoide. Ceapadh Máire Uí Mhurchú i 1974 agus Caitlín Ní Dhubhda i 1976 agus ceapadh Caitlín mar phríomhoide i 1988 tar éis do Seán éirí as. Idir an dá linn ceapadh Cáit Uí Ainiféin agus Niamh Ní Dhubhda chomh maith le Aisling Ní Shúilleabháin. Déanadh athchóiriú ar an scoil i 1986 agus 2008. Bhí 46 páiste ar an rolla i 2002. Níl ach beirt mhúinteoirí buan sa scoil anois, Cathal Ó Dubhda agus Rachel Ní Bhuachalla agus tá 43 páiste ar an rolla chomh maith le cúntóir teanga Síle Uí Chonchúir. 'Le chéile is fearr sin'.

Scoil an Bhaile Dhuibh

Bhí an scoil suite i bparóiste an Bhaile Dhuibh ag an gcrosbhóthar i mbarr an Bhóthair Dhoimhin. Osclaíodh doirse na scoile don chéad uair sa bhliain 1906 nuair a dúnadh an seana scoil i Fearann na Cille, thíos in aice na farraige. Dála an scéil, bhí páistí ar scoil ansiúd an lá a chuaigh an Port Yarrock go tóin poill tamall beag soir uathu sa bhliain 1894. Bhí scata mór páistí ag freastal ar an scoil i mBaile Dubh tráth dá raibh ,os cionn ceithre scór ag pointe amháin agus thart ar leathchéad ag deireadh na gcaogaidí fiú. Dhá sheomra ranga a bhí ann, an seomra beag dos na daltaí ó naíonáin bheaga go dtí rang a dó agus an seomra mór do rang a trí ar aghaidh. Ins na laethanta tosaigh ba mhinic daltaí ag freastal ar an scoil agus iad os cionn ceithre nó cúig bliana déag d'aois.

Bhí dhá chlós súgartha ann, ceann amháin dos na buachaillí agus an ceann eile dos na cailíní. Sin mar a bhí an scéal leis na “leithris” chomh maith ar ndóigh. Ní raibh uisce reatha ins an scoil riamh agus bhíodh sé de dhualgas gach maidin ar chúpla buachaill cúpla buicéad uisce a tharrac ón tobar a bhí i gclós mhuintir Uí Scanláin, céad slat siar an bóthar. Ní raibh teas lárnach d'aon tsaghas ann. Bhíodh tine mhóna ar lasadh agus b'shin a raibh ann de theas, rud a d'fhág na seomraí fuar go maith i bhfuacht an gheimhridh.

Bhíodh cluichí agus súgradh fé lán tseoil sa chlós ag am lóin go dtí go gcloistí “Isteach libh” ag teacht ó bhéal an mháistir. Is mó múinteoir a mhúin sa Bhaile Dubh tríd na blianta.

I measc na mban bhí Bridie Carthy, Bríd Ní Cheallacháin, Máirín Ní Mhurchú agus Treasa Ní Rócháin. Deirfiúr ab ea Máirín le Seán agus Séamas Ó Murchú ón gCom a bhuaigh boinn uile Éireann le Ciarraí sna caogaidí agus na seascaidí. I measc na bhfearaibh a mhúin ann bhí Pat Ó Conchubhair, Seán ‘Caol’ Ó Dónaill, Charlie Ó Mainséal, Pat Aeroplane Ó Sé agus Séan Ó Dubhda. Peileadóir ana-cháiliúil ab ea Aeroplane gan dabht a bhuaigh boinn uile Éireann chomh maith. Tá na h-oidí san ar fad ar Shlí na Fírinne ach amháin Máirín Ní Mhurchú agus Bríd Ní Cheallacháin atá beo beathaíoch fós bail ó Dhia orthu.

Le himeacht na mblianta tháinig titim mhór ar líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar an scoil agus nuair ná raibh fágtha ach idir scór agus scór go leith, dúnadh an scoil fé dheireadh i mí na Samhna 1969. Bhog an máistir Seán Ó Dubhda agus an máistreás Treasa Ní Rócháin agus a raibh fágtha de dhaltaí go Scoil Náisiúnta Chaisleán Ghriaghair. Is tigh cónaithe anois an seana thigh scoile, áit a bhfuil Joanne agus John ag cur fúthu.

Go ndéana Dia trócaire ar na múinteoirí agus na h-iardhaltaí de chuid an Bhaile Dhuibh atá imithe ar shlí na fírinne agus go raibh gach rath ar na h-iardhaltaí atá beo fós sa cheantar dúchais, ar fud na h-Éireann agus in áiteanna i bhfad i gcéin.

Mo Alma Mater – Cuimhní Chinn

Is maith is cuimhin liom mo chéad lá ar Scoil an Bhaile Dhuibh. Thug mo mháthair Peig, solas na bhFlaitheas go raibh aici, siar an bhóthair mé agus greim láimhe aici orm. Ba bheag tráchta a bhí ar an mbóthar ag an am ach capall, ponáí nó asal agus cairt.

Leath mo shúile le h'iontas nuair a chonac na daltaí go léir agus an máistir. Ní raibh ach múinteoir amháin sa scoil ag an am, an t-Uas. Seán ó Dubhda. D'fhág mo mháthair slán agam agus sheol an máistir isteach sa seomra ranga mé. Chuir sé fáilte romham. Thug sé leabhairín beag Ghaolainne dom agus réal. Shuíos síos. Ba ghairid ina dhiaidh sin go raibh an mí-ádh orm. Bhíos ag utamáil leis an tobairín dúich agus nár dhoirt as a raibh ann ar mo leabhairín beag. Bhí mo chroí briste.

Thánas i dtaithí ar shaol na scoile agus chuireas aithne ar na daltaí eile. Ní raibh ach buachaill amháin eile sa rang liom- Mickie Maunsell ó Chill Chuimín. D'éiríos an-mhór le Timmy Mahoney agus lean an cáirdeas céanna go dtí gur cailleadh an fear bocht cúpla ó shin. Ar dheis Dé go raibh a anam. Eisean a thugadh chun na scoile mé ina dhiaidh sin go dtí gur tháinig ciall chugam.

Ceann des na laethanta tosaigh ar scoil agam thosaigh an múinteoir ag múineadh Ghaolainne dom. Thiteas i ngrá leis an dteanga uasal. Tá an mheas agus an urraim céanna agam dí go dtí an lá atá inniu ann agus beidh go nglaoфар orm chun na Flaithis.

Lá amháin go raibh an máistir ag iarraí chiúinis sa rang agus é ag rá an fhocail 'silence'. Dúirt Pattie Spillane liom a rá 'Silence in the duck house while the drake is laying'. Scairteas na focail amach go hárđ agus mheas gach éinne go raibh sé an-ghreanmhar. Bhí scairteadh ghéire ar fud an t-seomra.

D'éiríos an-mhór le buachaill eile -Paddy Walsh ón gCoill Mhór. Bhí sé ceithre nó cúig de bhlianta níos sine ná mé. Bhíodh sé ag rith timpeall an chlóis agus mise ar a dhroim aige. Tá sé lonaithe san Astráil le fada an lá. Buachaill eile gur éiríos an-chairdiúil leis agus tá fós cé go bhfuil sé thall i Londain le breis is caoga bhliain ab ea John Rohan. Garraíodóir cumasach ab ea a athair. Bhíodh prátaí úire an-luath aige. Ba ghnách le John prátaí bruite a thabhairt ar scoil chugam roimis saoire an t-samhraidh. Tá a mblas fós ar mo theanga agam. Gura fada buan thú John.

Bhí dúil marfach againn sa chaid. Bhímís ag ciceáil stoca a bhíodh lán d'fhéir timpeall clós na scoile. Ar ball tríd bhailiúchán d'éirigh linn caid leathair a cheannach. Bhíodh an-ciceáil ar siúl againn ach le himeacht ama phléasc an bholg a bhí inti. Líonadh an caid le féir. Dia linn 's Muire an mheáchain a bhíodh ann agus é fliuch. Mar sin féin bhainimís an-taitneamh as.

Ní bhíodh aon crisps ná coke mar lón ag na daltaí ach cúpla slios aráin agus buidéilín bainne. Ar an Luan bhíodh currney bread agus bainne ag gach éinne dá mbeadh cúpla slios fágtha taréis na deireadh seachtaine. Ní raibh aon uisce reatha sa scoil. An chéad dualgas a bhí orainn ar maidin ná buicéad uisce a iompar ó tobairín Chlara soir an bhóthair. Ba mhó lasc a tharraingíodh ar an mbuicéad bocht céanna. Fágadh an buicéad ar an bord beag agus muga lena ais dá mbeadh fonn óil ar dhuine.

D'imigh na blianta agus d'fhásamar suas. D'fhan cuid des na daltaí sa bhaile le lámh cúnta a thabhairt in obair na feirme. Chuaigh roinnt eile ar scoileanna dara leibhéal i dTrá Lí. Ar ball scaip cuid mhór den dá dream ar fud na cruinne. Táid ar fáil fós agus sliocht a shleachta san Astráil, Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Bhreatain agus tíortha eile nach iad sa lá atá inniu ann. Tá an scoil dúnta le fada. Níl gáir pháistí le clos ná gasúir le feiceáil ag bualadh chairde níos mó. Ní againn ach dul siar ar bhóithrín na smaointe agus tá sé go léir le feiscint go beo beacht in ár naignibh. Tá cuid eile imithe ar shlí na Fírinne agus iad i mbun comhrá agus caibidil ar laetha a nóige i scoil an Bhaile Dhuibh. Tá súil agam go gcasfar ar a chéile sin arís san áit a mbíonn an sonas agus an séan i réim de shíor. Adh mhór ar gach éinne a mhaireann go fóil agus solas síoraí go raibh acu siúd nach maireann.

Scoil Bhaile Uí Dhuinn

Tógadh Scoil Bhaile Uí Dhuinn timpeall na bliana 1874.

Deirtear gur thosnaigh an scoil i dtosach i dtigh Shéamais agus Lizzy (Ní Fhinn) Ó Rócháin i mBaile Uí Dhuinn (Tigh Máirín Uí Mhurchú anois). Bhí Seán Jaic Ó Loinsigh agus Séamus Ó Rócháin ag múineadh sa scoil. Ba as an Cheapach do Seán Jaic Ó Loinsigh agus phós sé Fran Breathnach (Daingean Uí Chúis). Mhaireadar síos an lána sa Chlochán.

Bhí Eibhlín Ní Chathasaigh agus Batty Ó Gealbháin as Lios Póil ag múineadh sa scoil níos déanaí. Phós Eibhlín Ní Chathasaigh Jaic Ó Dubhda agus lean sí ar aghaidh ag múineadh i Scoil Bhaile Uí Dhuinn.

Ní raibh uisce reatha sa scoil. Chun teas a sholáthar thug na páistí fód móna ar scoil gach lá nó thug na tuismitheoirí ráille móna chun na scoile. Bhí arán agus subh agus cóc ag na páistí ag am lón gach lá. Bhí an t-uisce don cóc le fail ón abhainn in aice na scoile.

Bhí ceithre sheomra sa scoil. Bhíodh an lón ag na páistí i seomra breise amháin agus bhí an móin a stóráil sa seomra breise eile. I measc na Cluichí bhí “Gobs”, Hop-scotch agus Scipeáil. Thosnaigh Máirín Ní Néill ag múineadh i Scoil Bhaile Uí Dhuinn i 1955. Phós sí Jaic Ó Dúl-laing i 1963 agus d'aistrigh sí go Scoil Chaisleáin Griaire ansin.

Tharla comhnascadh idir Scoil Bhaile Uí Dhuinn agus Scoil an Chlocháin i 1971 agus tháinig na páistí, Bean Uí Dhubhda agus Áine Nic Adaim (Bean Uí Ghrifín níos dé-anaí) go dtí Scoil an Chlocháin áit a rabhadar ag múineadh i dteannta Peigí Ní Shúilleabháin Uí Céilleachair agus Bean Uí Bhrúic.

An tAifreann

Iontroid : Is beannaithe Tigh Dé - Ó Riada

Is beann-ai - the Tigh Dé, Is bann-ai - mid féin dó, Mar a

bhfuil sé leis an dá as - pal déag. Go mbean - naí Mac Dé dhúinn. Is

bean nai the Thú a At hair bhean nai the. Is bean nai the Thú, a Mhic an Athar bean nai the. Is

bean-nai - the Thú, a Theam-paill an Sprid Naomh. Is bean-nai - the Thú, a

The image shows a musical score for the hymn 'Eaglais na Tríonóide'. It consists of two systems of staves. The top system features a vocal line in G major, 4/4 time, with lyrics: 'Eag - lais na Tríonóide níos de'. The bottom system shows a piano accompaniment with chords and a bass line. The lyrics are: 'Eag - lais na Tríonóide níos de'.

P: á chanadh

Is beannaithe Tigh Dé, Is beannaímid féin dó.

Mar a bhfuil sé leis an dá aspal déag.

Go mbeannaí Mac Dé dhúinn.

Is beannaithe thú, a Athair beannaithe.

Is beannaithe Thú, a Mhic an Athar beannaithe.

Is beannaithe Thú, a Theampaill an Sprid Naoimh.

Is beannaithe Thú, a Eaglais na Tríonóide.

An Iontróid

S: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naoimh

P: Amen

S: Go raibh an Tiarna libh

P: Agus le do spiorad féin

Gníomh Aithrí

S: A bhráithre tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun go mb'fhiú sin an tAifreann a cheiliúradh. Admhaím do Dhia uilechumhachtach...

P: Agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoinemh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir féin, trí mo mhórchóir féin. Ar an ábhar sin, impím ar Naomh

Mhuire síor Óg, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo son chun an Tiarna Dia.

S: Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn

P: Amen

Kyrie Eleison: Ó Riada (á chanadh)

A Thiar-na, déan tró-cai-re. A Chríost, déan tró-cai re A Thiar-na déan tró-cai-re.

An Ghlóir: Ó Riada (á chanadh)

S. P.
Glóir do Dhia sna har - da. A - gus ar tha - lamh sío - cháin do lucht a

pháir - te. Mo - lai - mid Thú. Mór - ai - mid Thú. Adh - rai - mid Thú. Tu - gai - mid

glóir duit. Gabhai - mid buí - o - chas leat as ucht do mhór -

ghlóir - e A Thiar - na Dia, a Rí na bhFlaith eas, a

Dhia, a Ath-air ui-le chumhach-taigh. A Thiar-na aon mhic, ío sa Chríost. A Thiar-na

Dia, a Uain Dé, Mac an Ath-ar. Tu-sa a thó-gas pea-caí an domhain, déan

tró-cai-re 'rainn. Tu-sa a thó-gas pea-caí an domhain glac le-nár nguí.

Tu sa a-tá i do shuí ar dheis an Ath ar, déan tró-cai-re 'rainn. Óir is Tú amh-áin is nao-fa Is

Tú amh-áin is Tiar-na Is Tú amh-áin_____ is ró-ard, a ío-sa

Críost, mar aon leis an Spíó-rad Naomh i nglóir_____ Dé an

tAth-air. A_____men.

An Chomhurnaí

S: A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, déanann tú a bhfuil ar neamh agus ar talamh a riar. Éist go ceansa le do phobal agus ag éamh ort. Tabhair dúinn do shíocháin lenár linn. Sin é ár nguí chugat trínár d'Tiarna Íosa Críost do Mhac a mhaireann agus a rialaíonn leatsa, mar aon leis an Spiorad Naomh, in Dhia, trí shaol na saol.

P: Amen

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as Leabhar Iarimia Fáidh

Thug an Tiarna a fhios domsa agus bhí a fhios agam. Is ansin a d'fhoilsigh tú dom a mírún. Ach bhí mise mar a bheadh uan mín ann a bheirtear chun a mharfaí, agus mé ar neamheolas na ceilge a bhí á cumadh acu i m'aghaidh, á rá: 'scriosaimis an crann lena thorthaí, gearraimís amach é as tír na mbeo, ionas nach mbeidh cuimhne ar a ainm go deo'

Ach, A Thiarna na slua, is tú an breitheamh cóir, is tú a scrúdaíonn na háranna agus an croí; feicimse do dhíoltas orthu, mar is i do lámha a chuir mé mo chúis.

Briathar an Tiarna.

P: Buíochas le Dia

'Sé an tiarna M' Aoire

Salm 22

Fiontán P. O Cearbhaill



'Sé an Tiar - na m'aoi - re; ní bheidh aon - ní de dhúth orm.



1. 'Sé an Tiar - na m'aoi - re; ní bheidh aon - ní de -
2. Sco - lann se' m' ar rian - ta dí - rea - cha mar - gheall - ar a -
- 3.
- 4.



1. dhúth orm. Cúireann se' 'mo - luí me' i -
2. ainm. Fiú - da' síúl - fainn i ngleann an - dor - cha - dais, níor -
3. Góí - ríonn tú bord chun - béi - le dom i -
4. Lean-faidh cin - eál - tas - is - fá - bhar me' gach -



1. móin - éar - fear - ghlas; sco - lann se' ar i - meall an -
2. bhao' liom - an - t-olc; a - gus tú - fa - ram le do
3. bhfian - ai - se - mo - naimh - de; un - gann tú mo cheann le -
4. uile la' - de mo shaol; i dteach an Tiar - na a -



1. uis - ce me', mar a bhfaigh - im suaimh - neas. F
2. shlat is do bha - chall, chun só - lás a thabhairt dom. F
3. ho - la; tá mo chu - pán ag cur thar mhaoil - F
4. mhair - fidh me' go brách na breithe. F

Other appropriate psalm verses may be sung to the following melody with the refrain 'Sé an Tiarna M'aoire'.

Stanbrook 7E



Alleluia

Seinn Alleluia

A traditional Irish-language acclamation

Author and composer unknown



Seinn al - le - lu __ ia, seinn_ al - le - lu __ ia, seinn_ al - le - lu, seinn_ al - le - lu, __Seinn. al - le - lu __ ia.

‘Is mise solas an tsaoil,’ a deir an Tiarna.

‘An té a leanfaidh mise,

beidh aige solas na beatha’



Seinn al - le - lu __ ia, seinn_ al - le - lu __ ia, seinn_ al - le - lu, seinn_ al - le - lu, __Seinn. al - le - lu __ ia.

Soiscéal

S. P.

Go raibh an Tiar - na libh. A - gus leat féin.

S: Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin

P: Glóir duit, a Thiarna.

San am sin nuair a chuala cuid den slua focail Íosa dúirt siad: ‘Is é seo an fáidh gan amhras.’ Dúirt tuilleadh acu: “Is é an Críost é seo,” ach dúirt cuid eile acu: “An as an nGailíl atá an Críost ag teacht? Nach ndeir an scríoptúr gur de shíol Dháiví, agus ó bhaile na Beithile, mar a raibh Dáiví, atá an Críost ag teacht?” D’éirigh aighneas ina thaobh dá réir sin i measc an tslua. Ba mhian le cuid acu é a ghabháil, ach níor chuir aon duine lámh ann.

Tháinig na póilíní dá bhrí sin go dtí na hardsagairt agus na Fairisínigh agus dúirt siadsan leo: “Cad chuige nár thug sibh libh é?” D’fhreagair na póilíní: “Níor labhair aon duine riamh mar a labhraíonn an duine seo.” D’fhreagair na Fairisínigh iad dá bhrí sin: “An féidir gur mealladh sibhse chomh maith? Ar chreid aon duine de na huachtaráin nó de na Fairisínigh ann?”

Ach an slua seo nach eol dóibh an dlí, tá mallacht orthu.” Nícodémas – an té a tháinig chuige roimhe sin agus gur dhuine acu é – dúirt sé leo: “An dtugann ár ndlí breith ar aon duine gan éisteacht a thabhairt dó ar dtús agus a fháil amach cad tá sé a dhéanamh?” D’fhreagair siad agus dúirt leis: “An amhlaidh is Gailíleach tusa chomh maith? Cuardaigh an scríoptúr agus féach nach n-éiríonn fáidh ón nGailíl.” Ansin chuaigh gach duine abhaile.

S: Soiscéal an Tiarna.

P: Moladh duit, a Chríost

An Chré

S: Creidim in aon Dia amháin

S&P: an tAthair uilechumhachtach a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe. Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia; an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:

is tríd a rinneadh an uile ní.

Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh. Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna. Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.

D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena riocht.

Creidim sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.

Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe. Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda. Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.

Agus táim ag súil le haiséirí na marbh, agus le beatha an tsaol atá le teacht.

Amen.

Guí an Phobail

1. A Thiarna, guímis ar son na hEaglaise, ar son ár bPápa Prionsias, ár n-Easpag Réamainn de Brún agus ar son na cléire ar fad. Go raibh an neart agus an grásta acu ó Dhia iad siúd atá faoin a gcúram a threorú mar is cóir agus is ceart. Cuir do bheannacht uait anuas orthu.

L. A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. A Dhia, ár gCruthaitheoir, is leatsa sin an t-am go léir. Gabhaimid buíochas leat as na laethanta, seachtainí agus na míonna a chaitheamar i dteannta le chéile i Scoil an Chlocháin, Scoil Bhaile Uí Dhuinn agus Scoil an Bhaile Dhuibh. Tá a fhios againn go raibh tú linn inné. Tá a fhios againn go bhfuil tú linn inniu. Iarraimid ort a bheith linn amárach.

L. A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

3. Guímis ar son ár dtuismitheoirí, ár múinteoirí agus foireann na scoile trí chéile.

L. A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

4. Guímis ar son ár n-iarscoláirí atá anois scaipte ar fud an domhain. Go mbeidh siad dílis i gcónaí dos na fréamhacha as a gcothaíodh agus as a múnlaíodh iad.

L. A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

5. Guímis ar son uile atá imithe ar shlí na fírinne, go háirithe dóibh siúd atá scríte againn sa bhosca os ár gcomhair. Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha dílseacha.

L. A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

6. Guímis ar son na síochána sa bhaile, ar scoil, ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain go léir.

L: A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn

7. Guímis ar son na seanóirí ar fad sa pharóiste agus ar fud an domhain.

L: A Thiarna, éist linn.

P. A Thiarna, bí ceansa agus éist linn

An Ofráil

Tugaimid ár mbronntanais chuig na haltóra. Ofráirimid iad le creideamh, le dóchas agus le grá.

Druma cuimhneacháin
Brat na hÉireann
An t-arán agus an fíon

Iomann Ofrála: Ag Críost an Síol (á chanadh)

Ag Críost an síol, ag Críost an fomhar, i n'ioth-a-lainn Dé, go

dtug - tar sinn. Ag Críost an mhuir, ag Críost an tiasc, i lion - taibh Dé go

gcas - tar sinn. Ó fhás go haois, is ó aois go bhás, Do

dhá láimh a Chríost, a - nall thar - ainn, Ó bhás go críoch, ní

críoch ach ath-fhás, i bPar-thas na nGrást go rabh ai mid.

Liotúirge na hEocairiste

S: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lámhaire an t-arán seo a ofrálaimid duit: an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.

P: Moladh go deo le Dia

S: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lámhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.

P: Moladh go deo le Dia

S: Tagaimid i do láthair, a Thiarna Dia, le hómós agus doilíos croí: go mb'fhiú leat ar an ábhair seo a ofrálaimid duit inniu. Nigh mo chionta díom a Thiarna agus glan díom mo pheacaí. Guígí, a bhráithre, go nglacfaidh Dia an tAthair uilechumhachtach leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse

P: Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os cionn na hofrálacha

S: Deonaigh, achainímid a Thiarna, go nochtfaidh an Spiorad Naomh brí na híobartha seo níos fairsinge fós dúinn: agus go ndéanfaidh sé eolas dúinn chun an uile fhírinne, faoi mar a gheall do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

P: Amen

An Phreafáid : Ó Riada (á chanadh)

S. P.

Go raibh an Tiar - na libh. A - gus leat féin.

P. S.

To - gai - gí bhur crío - the in air - de. Tá siad tóg - tha 'nair - de chun an Tiar - na 'gainn.

S. P.

Gabh - ai - mis buío - chas leis an Tiar - na ár nDi - a. Is ceart a - gus is cóir sin.

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Athair naofa, trí do Mhac muirneach, Íosa Críost, do Bhriathar trína ndearna tú an uile ní, a chuir tú chugainn mar Shlánaitheoir agus mar Fhuascailteoir, a ionchollatódh ón Spiorad Naomh agus a rugadh ón Maighdean. Agus é ag comhlíonadh do thola

agus ag gnóthú pobal naofa duit, shín sé amach a lámha, agus é ag fulaingt, chun an bás a scriosadh agus an t-aiséiri a nochtadh. Uime sin, mar aon leis na hAingil agus leis na Naoimh uile, fógraímid do ghlóir á rá d'aon ghuth:

Anois canann an sagart an Phreafaíd ar an nota F (no SOH) nó ar shailm-tón más mian leis. Tagann an pobal isteach leis an Sanctus (Is naofa, naofa, naofa tú).

Sanctus (á chanadh)

The musical score is presented in three systems, each with a vocal line and a piano accompaniment. The key signature is B-flat major (two flats) and the time signature is 3/4. The vocal line features several triplet markings (indicated by a '3' above the notes). The lyrics are in Irish and describe the sanctification of the Eucharist.

Is Nao-fa, Nao-fa, Nao-fa Tú, a Thiar-na, Dia na Slua. Tá

neamh a - gus ta - lamh lán de do ghlóir. Hó - san-na sna har - da. Is

bean-naith - e'n té 'tá ag teacht in ai - nm an Tiar - na. Hó - san-na sna har - da.

Paidir Eocairisteach 2

S: Thiarna, is Naofa thú go fírinneach; is tú tobar na naofachta go léir. Naomhaigh, mar sin, impímid ort, na bronntanais seo le drúcht do Spioraid, chun go ndéanfar díobh inár gcomhair Corp agus Fuil ár dTiarna, Íosa Críost. Nuair a bhí sé á thabhairt suas chun na Páise dá dheoin féin, ghlac sé an t-arán, agus ag gabháil buíochais leat, bhris, agus thug dá dheisceabail é, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO: ÓIR IS É SEO MO CHORP A THABHARFAR AR BHUR SON.

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir, thóg sé an chailís, ghabh sé buíochais leat arís agus thug sé dá dheisceabail í, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA, FUI-LAN NUATHIOMNA SHÍORAÍ. DOIRTFEAR Í AR BHUR SON AGUS AR SON AN CHINE DHAONNA CHUN MAITHIÚNAS NA BPEACAÍ. DÉANAIGÍ É SEO I GCUIMHNE ORM-SA.

Fógraímis rúndiamhair an chreidimh.

‘Sé'n Tiarna é

Sé'n Tiar - na é - é. Sé'n - Tiar - na é. - é -

5
é D'éir - igh sé ón, mbás Se'n Tiar - na é - é - é. Ard - ó - far

10
duain dá ghlóir is fógr - ó - ó - far Gurb é

14
Ío - sa Críost Mac Dé

S: Dá réir sin, a Thiarna Dia, ag cuimhneamh dúinn ar bhás agus ar aiséirí Chríost, ofrálaimid duit arán na beatha agus cailís an tslánaithe, agus gabhaimid buíochas leat toisc gurbh fhiú leat sinn a bheith i do láthair agus ag fónamh duit. Iarraimid go humhal ort go n-aontófar le chéile, le cumhacht an Spioraid Naoimh, sinne atá páirteach i gCorp agus i bhFuil Chríost.

Tabhair chun cuimhne, a Thiarna, d'Eaglais ar fud an domhain mhóir chun go ndéanfá í a neartú sa charthanacht i gcuideachta lenár bPápa Pronsias, agus lenár nEaspag Réamainn, agus leis an gcléir uile.

Cuimhnigh freisin ar ár muintir féin a fuair bás agus iad ag súil le haiséirí agus orthu siúd uile atá imithe ar shlí na fírinne faoi do ghnaoi agus fáiltigh rompu isteach i solas do ghlóire. Déan trócaire orainn uile, impímid ort, ionas gurbh fhiú sinn a bheith páirteach sa bheatha shíoraí chun tú a mholadh agus a ghlóiriú i gcuideachta na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair Dé, na Naomh Aspal agus na Naomh uile a rinne do thoilse riamh anall trí do Mhac Íosa Críost. Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach, in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol.

P: Amen

Deasghnátha na Comaoineach

S: Guímis chun an Athar faoi mar a mhúin ár Slánaitheoir dúinn a dhéanamh.

An Phaidir: Ó Riada (á chanadh)

Ár — nAth- air a - tá — ar neamh, go nao - far dAi- nm, — go dta- ga do

ríocht, go ndéantar do thoil ar an dtal- amh — mar a ní - thear ar —

neamh. Ar n'a- rán lae - thiúil — tabhair dúinn in - niu, a- gus maith — dúinn ár

bhfia - cha, mar mhaith-i-mid d'ár bhféi - chiú-na féin. A's ná lig sinn i gca-
 thú, ach — saor — — — — — sinn ó — — — — — olc.

S: Saor sinn ó gach olc, impímid ort, aThiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

P: Óir is leatsa an Ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

S: A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacáine ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt dí agus i a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

P: Amen.

S: Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

P: Agus le do spiorad féin.

S: Cuirigí in iúl dá chéile go bhfuil síocháin eadraibh.

A Uain Dé : Ó Riada (á chanadh)

Agnus Dei

A Uain Dé, a thó - gas pea-caí an domhain, déan tró-cai-re 'rainn. A

Uain Dé, a thó - gas pea-caí an domhain, déan tró-cai-re 'rainn. A

Uain Dé, a thó - gas pea-caí an domhain, tabhair dúinn sío - cháin.

S: Seo é Uain Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

P: A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

A Rí an Domhnaigh : Ó Riada (á chanadh)

A Rí an Domh-naigh, tar le cabhair chugham is fóir in am ón—

The first system of the score consists of a vocal line and a piano accompaniment. The vocal line is in G major and 4/4 time, with a key signature of one flat (F major). The piano accompaniment features a steady eighth-note bass line and chords in the right hand.

bpeín— mé. A Rí an Lu-ain ghil, bí-se buan liom is ná lig uait - se

The second system continues the vocal line and piano accompaniment. The piano accompaniment maintains its rhythmic pattern, providing harmonic support for the vocal melody.

féin— mé. A Rí na Már-ta, a chróí na páir - te, déan dío-nadh Lá an

The third system shows the vocal line and piano accompaniment. The piano accompaniment continues with its characteristic eighth-note bass line and chords.

tSléi'— dhom. A Rí Céa-daoi-ne, saor ó ghéi-bhinn mé, cé fad' óm chaoimh - ghein féin mé.

The fourth system concludes the piece. The vocal line and piano accompaniment end with a final cadence. The piano accompaniment features a final chord in the right hand and a sustained bass line.

A Rí an Domhnaigh : Ó Riada (á chanadh)

P: (á chanadh)

A Rí an Domhnaigh,
tar le cabhair chugham is fóir in am ón bpéin mé.
A Rí an Luain ghil,
bíse buan liom is ná lig uaitse féin mé.
A Rí na Márta, a chroí na páirte,
déan díonadh Lá an tSleí dhom.
A Rí Céadaoine, saor ó ghéibhínn mé,
cé fad' óm chaoimh-ghein féin mé.

A Rí Diardaoine,
maith ár bpeacaí-ne do dhein do dhlí do réabadh,
A Rí na hAoine,
ná coinnigh cuimhne ar mo dhroich-ghníomhartha baotha,
A Rí an tSathairn, go síorraí achainím mé thabhairt
that Acheron caor-thein.
Fé dhíon do thearmainn, tré ríocht an Aif(i)rinn,
suas go parrathas naofa.
A Rí an Domhnaigh : Ó Riada (á chanadh)

Duan Chroí Íosa : Ó Riada (á chanadh)

Iomann Comaoineach

Gi-le _____ mo _____ chroí do chroí - se, ⁵ 'Shlá - nai - theoir, _____ A gus

cis-te mo _____ chroí do chroí - se _____ d'fháil im chomhair; _____ Ós

fol-las _____ gur _____ líon do chroí dom _____ ghrá - sa, _____ a _____ stóir, l _____

gco chall mo _____ chroí _____ do chroí - se _____ fág _____ i gcomhad.

Duan Chroí Íosa : Ó Riada (á chanadh)

P: (á chanadh)

Gile mo chroí do chroí-se, a Shlánaitheoir,
‘is ciste mo chroí do chroí-se a d’fháil i m’ chomhair
Ós follas gur líon do chroí dom’ ghrá-sa, a stóir,
I gcochall mo chroí do chroí-se fág i gcomhad.

Nuair a chasfadsa arís led ghuí-se a Bhláth na nOrd
Fé thearmainn Chríost is díon a ghrásta am chomhad
Beidh garbhchnoic fraoigh na líog do chrádh mé romham
In a machairí míne síoda is ina mbánta sróil.

Bí a Íosa : Ó Riada (á chanadh)

Bí, a í - sa, im_ chroí - se i_ gcuimh - ne gach_ uair, Bí, a

The first system of the score consists of a vocal line and a piano accompaniment. The vocal line is in G minor, 3/4 time, and features a triplet of eighth notes on the word 'Íosa'. The piano accompaniment is in the same key and time, with a simple harmonic accompaniment.

í - sa, im_ chroí - se le_ haith - rí go_ luath. Bí, a

The second system continues the vocal line and piano accompaniment. The vocal line has a triplet of eighth notes on 'Íosa' and a quarter note on 'luath'. The piano accompaniment continues with a steady harmonic accompaniment.

í - sa, im_ chroí - se le_ cu - mann_ go_ buan. Ó, a

The third system continues the vocal line and piano accompaniment. The vocal line has a triplet of eighth notes on 'Íosa' and a quarter note on 'Ó, a'. The piano accompaniment continues with a steady harmonic accompaniment.

í - sa 'Dhé dhí - lis, ná_ scar Thu - sa_ uaim.

The fourth system concludes the piece. The vocal line has a triplet of eighth notes on 'Íosa' and a quarter note on 'uaim'. The piano accompaniment continues with a steady harmonic accompaniment.

Bí a Íosa : Ó Riada (á chanadh)

P: á chanadh

Bí, a Íosa, im chroí-se i gcuimhne gach uair,
Bí, a Íosa, im chroí-se le haithrí go luath.
Bí, a Íosa, im chroí-se le cumann go buan.
Ó, a Íosa, 'Dhé dhílis, ná scar Thusa uaim.

Gan Íosa mo smaointe ní thaithíonn liom féin,
Gan Íosa mo scríbhinn ná foghar mo bhéil,
Gan Íosa mo ghníomhartha ní maith insan saol,
Ó, a Íosa, 'Dhé dhílis, bí romham is am dhéidh.

Sé Íosa mo rí-se, mo chara 's mo ghrá,
Sé Íosa mo dhídean ar pheaca 's ar bhás
Sé Íosa mo aoibhneas, mo scáthán do ghnáth,
A's, a Íosa, 'Dhé dhílis, ná scar uaim go bráth.

Bí, a Íosa go síoraí im chroí is im bhéal,
Bí, a Íosa go síoraí im thuig-se mar an gcéann,
Bí, a Íosa go síoraí im mheabhair mar léann,
Ó, a Íosa, 'Dhé dhílis, ná fág mé liom féin,

An Iarchomaoineach

I Measc na gCnoc

1. Ba mheoin liom inniu, mar ba mheoin liom riamh, Bheith ag siúl ar na cnoic go réidh,
Ó Chom a' nGabhar go dtí an Sliabh, Is thuas ar Bhinn Ós Gaoith;
Ansiúd a chítear radharc ró bhreá, Chomh breá is a luíonn faoin ngréin,
Ó bharr Chnoic Bhréanainn g' dtí Uibh' Ráthach, Fós Árainn i bhfad i gcéin.

2. Bán líne fada Tráigh Uí Dhuinn, Bá Bhréanainn go fíon is gléir;
Baile Uí Thaidhg agus Baile Uí Dhuinn; An Machaire go léir;
Clár is Gaillimh ó thuaidh amach; Bá Thrá Lí is An tSionainn;
Caisleán Uí Ghriaire is An Loch, Is freisin Loch a' Chuimín.

3. Ba mheoin liom inniu, mar ba mheoin liom de ghnáth,
Bheith ag siúl ar Tráigh Uí Dhuinn,
Ón gcarraig siar go dtí Rinn Rua, Ag cloisteáil na mór-thonn fiáin
Pléasc is pléasc in imeall an bhá; Gan sos ar an ngaineamh le brí;
Is ó mar ba mhaith liom len' theanga a rá; Na smaointe im' aigne ag eirí.

4. Ba mheoin liom a bheith, mar a bhínn fadó,
Spaisteoireacht im' bhaile féin, Ó bhun na Stuaic' go Gort na mBró
Nó Gabhlán go Cill Choimín, Is bheinn in aon treo go foil go foil,
Éisteacht leis na héanlaithe binn'; An fhuisseog 's an chuach,
an lon dubh 's an smól, Agus leo siúd an riabhóigín.

5. Is bheinn le fonn ar bhruach na habhann
Ar bhun Gleann ghairbh Choimín, Ón Sionna Ard thar Mhuileann Sheáin 's síos go Tráigh Uí
Dhuinn.
An breac ag snámh fén gcarraig dhonn; Glugarnach na n-úr n-uiscí,
Táinte tor is scotha fiáin', An draighneán is an buachalán buí.

6. Ba mheoin liom, faoi dheoidh, seachtain sa bhfómhar,
Bheith ag dul tríd an dúthaigh go léir; anonn is anall sa Leithtriúch cóir,
Is bhféidir ag déanamh an fhéir Ach ní dóigh liom gur mar sin a bheidh an scéal; Is tá braon
im' shúil dá réir;
Ach anseo is ansiúd, go deireadh mo shaoil,
Beidh 'n Leithtriúch i gcónaí im' mheabhair.

Deasghnátha Deirídh

S: Go raibh an Tiarna libh

P: Agus leat féin

S: Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac, agus Spiorad Naomh.

P: Amen

S: Tá an tAifreann thart. Imígi faoi shíocháin

P: Buíochas le Dia

Réir Dé : Ó Riada (á chanadh)

Réir Dé go ndei-neam, a-gus bea-tha na naomh go dtuil - leam.

So-las na bhFlaith-eas go bhfeí - ceam, a-gus glóí-re na nain-geal go gcloi - seam.

(Cantar dhá uair)



Sallyquin Schol. 1940-41



cupla slíos arain, bairdeitín bainne, ar
n luam bhíodh cáiney bread 7 bainne
g gach einne dá mbeadh cupla slíos fágtha
eicis na deireadh seachtaine.

Mi narbh aon uisce real
na scéil. An chéad dualgas a bhí orainn
na maidin ná buicéad uisce a rúpar
a tobairín Chlava ^{soir} an bhóthair. Ba
nó lasc a tharraingíodh ar an mbuicéad
éad bocht céanna. Fágadh an buicéad an
ord beag 7 muga lena ois dá mbeadh
lonn oíl an dhuine.

D'imigh na bpianta 7 dhá
amrar suas. D'fhan cuid des na dalltaí
a bhail le lámh cunta a thabhairt
a obair na ferme. Chuaigh roinnt eile
a scoileanna dara leithleáil i dtír
i. An ball searpu cuid mhór den dá dteor
ar fud na cruinne Táid le fáil ^{fos}, 7
aliocht a shleachta san Astráil stáit
Montáithe Mheiriceá, sa Bhreatain 7 tíortha
eile nach raib sa lá atá inniu ann.
i an scéil dánta le fada. Níl ^{gá} ~~gá~~
sháirte le clois na gasúir le feiceáil
g bualadh chaidé níos mó. Níl agair
ach dul sear ar bhóithrin na smaoin
tá sé go léir le feiceáil go beo beacht
in ar na gairibh. Tá cuid eile imithe ar
shlí na Foirinne 7 raib i mbun comh
leis. Níl a leath a



With our compliments

**Maureen Ann Lynch and Family
Edward D. Lynch Funeral Home Inc.,
Sunnyside, New York.**